2025/2276

7.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2276 ÓN gCOIMISIÚN

an 5 Samhain 2025

lena leasaítear den 352ú huair Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2002 lena bhforchuirtear bearta sriantacha sonracha áirithe atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe atá bainteach leis na heagraíochtaí SIIL (Da'esh) agus Al-Qaida ([1]), agus go háirithe Airteagal 7(1)(a) agus Airteagal 7a(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 liostaítear na daoine, na grúpaí agus na heintitis a chumhdaítear leis an reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha faoin Rialachán sin.

(2) An 21 Deireadh Fómhair 2025, chinn Coiste Smachtbhannaí Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe a bunaíodh de bhun Rúin 1267(1999), 1989(2011) agus 2253(2015) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe iontráil amháin i liosta na ndaoine, na ngrúpaí agus na n-eintiteas ar cheart feidhm a bheith ag reo cistí agus acmhainní eacnamaíocha maidir leo a leasú.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú dá réir sin.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
Thar ceann an Uachtaráin

An tArd-Stiúrthóir
An Ard-Stiúrthóireacht um Chobhsaíocht Airgeadais, Seirbhísí Airgeadais agus Aontas na Margaí Caipitil

([1]) IO L 139, 29.5.2002, lch. 9. http://data.europa.eu/eli/reg/2002/881/oj.

IARSCRÍBHINN

Déantar na sonraí aitheantais le haghaidh na n-iontrálacha seo a leanas faoin gceannteideal ‘Daoine nádúrtha’ in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 881/2002 a leasú mar a leanas:

‘Abd El Kader Mahmoud Mohamed El Sayed (sa bhunchló: عبد القادر محمود محمد السيد) (ainm bréige láidir: (a) Es Sayed, Kader; (b) Abdel Khader Mahmoud Mohamed el Sayed). Dáta breithe: 26.12.1962. Áit bhreithe: an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach. Faisnéis eile: (a) Cód Cánach Iodálach: SSYBLK62T26Z336L; (b) Measann údaráis na hIodáile gur éalaitheach ón dlí é;(c) Tuairiscíodh gur maraíodh é i réigiún teorann na hAfganastáine agus na Pacastáine in 2012. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2)(i): 24.4.2002.’	

cuirtear an méid seo a leanas in ionad ...:

‘Abd El Kader Mahmoud Mohamed El Sayed (sa bhunchló: عبد القادر محمود محمد السيد) (ainm bréige láidir: (a) Es Sayed, Kader; (b) Abdel Khader Mahmoud Mohamed el Sayed). Dáta breithe: 26.12.1962. Áit bhreithe: an Éigipt. Náisiúntacht: Éigipteach. Faisnéis eile: (a) Cód Cánach Iodálach: SSYBLK62T26Z336L; (b) Cuireadh pianbhreith príosúnachta 8 mbliana air san Iodáil an 2.2.2004; (c) Measann údaráis na hIodáile gur éalaitheach ón dlí é. (d) Tuairiscítear gur maraíodh é in 2012. Dáta an ainmniúcháin dá dtagraítear in Airteagal 7d(2), pointe (i): 24.4.2002.’	